



# Aonad 2

---

## Scripteanna

### Aonad 2 Mír físe 1

#### Seán Ó Daimhín

*Well*, caithfidh mise a rá, níor fhoghlaim mé féin an Ghaeilge. Níor fhoghlaim mise an Ghaeilge go dtí go raibh mé fiche bliain d'aois agus déarfainn, mar gheall air sin, go bhfuil tuiscint agamsa ar an phróiseas atá i gceist nuair a théann duine fásta i mbun teanga a fhoghlaim.

An chéad rud a déarfainn le foghlaimeoir ar bith, an chéad rud a déarfainn, ná ní thig le duine ar bith teanga a theagasc duit. Ní thig le múinteoir teanga a theagasc duit. Caithfidh tusa a dhul<sup>1</sup> agus an teanga a shealbhú, a shealbhú tú féin. Caithfidh tusa a dhul agus an teanga a ghoid. Caithfidh tú a dhul agus í, cineál, í a fháil duit féin. Ní féidir le duine an teanga a thabhairt duit. Sin an chéad rud.

So, agus caithfidh tú sin a dhéanamh achan lá. *Now* bheadh, cúpla, b'fhéidir, moladh agamsa fá choinne foghlaimeoirí fásta. Uimhir a haon, tá cineál droch-chlú faoi láthair ag, i measc lucht an oideachais don choincheap seo 'foghlaimeoirí fásta'. Caitear anuas air go minic. Ach tá mise ag rá, má tá tú mar dhuine fásta ag foghlaim teanga úr – foghlaim rudaí de ghlanmheabhair. Foghlaim briathra, foghlaim struchtúir, struchtúir agus coimhréir<sup>2</sup> na teanga agus foghlaim go leor abairtí agus stór focal a bhaineann le rudaí a bhfuil suim agat iontu. Agus ansin, má tá rudaí foghlamtha agat, ar a laghad, tá tobar i d'intinn. Agus nuair atá comhrá le déanamh agat, tá tú ábalta tarraingt ar an tobar sin. Ach mura bhfuil aon rud foghlamtha agat níl aon tobar agat le tarraingt air. *So* sin an chéad rud. Ná bí, ná bíodh cineál faitíos ort rudaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair agus iad a choinneáil mar chineál 'tobar' i d'intinn le húsáid amach anseo.

Uimhir a dó, ina dhiaidh sin, caithfidh tú an teanga a úsáid achan lá. Níl aon amhras faoi. Tá sé rud beag cosúil le gléas ceoil a fhoghlaim nó aon scil ar leith. Má imríonn tú peil uair amháin sa tseachtain, níl tú ag dul a bheith i do pheileadóir. Má thógann tú uirlis cheoil uair amháin sa tseachtain, níl tú ag dul a bheith i do cheoltóir. Caithfidh tú an teanga nó aon scil mar seo, caithfidh tú é a tharraingt isteach i do shaol laethúil. B'fhéarr i bhfad cúig bhomaite dhéag iontach gníomhach a dhéanamh gach lá ná uair an chloig a chaitheamh i seomra ranga sa tseachtain. Is maith dul chuig an seomra ranga ach déanfaidh tú níos mó in cúig bhomaite dhéag tú féin – an féinfhoghlaim sin.

Agus caithfidh tú í a úsáid. Tá go leor deiseanna úsáide anois fosta le cur leis sin. *Now* nuair a deirim 'úsáid', caithfidh tú gach gné den teanga a úsáid. Níl sé go maith go leor a rá gur mhaith leat í a labhairt agus gan bacadh leis na rudaí eile. Más foghlaimeoir tú, caithfidh tú an teanga a léamh gach lá. Tá go leor... nuacht agus píosáí le léamh ar an idirlíon anois. Is féidir rudaí a léamh ar na meáin shóisialta – Gaeilge Amháin<sup>3</sup> –

ag leibhéal sóisialta. Tá leathanach ansin nuachta ag RTÉ anois agus athraíonn an nuacht ansin achan, b'fhéidir, cúpla uair an chloig.<sup>4</sup> Agus ní bhíonn na scéalta rófhada. Ní théann siad isteach ródhomain. Níl ann ach trí nó ceithre pharagraf.

Éisteacht. Caithfidh tú éisteacht leis an teanga achan lá le dhul i dtaithí ar an luas cainte atá ag cainteoirí dúchais. Ní cainteoir dúchais mé féin ach, ar bhealach, caithfidh tú, is cuma cén leibhéal nó cumas labhartha atá agat, caithfidh do chluas a bheith ina 'éisteoir dúchais' ar bhealach. Agus níl aon dóigh leis sin a fhoghlaim ach éisteacht leis na cainteoirí dúchais ar Raidió na Gaeltachta agus ar aon ardán eile a dtig leat teacht ar chainteoirí dúchais orthu. Nó fiú cainteoirí maithe – ní chaithfidh siad a bheith ina gcainteoirí dúchais.

So úsáid í achan lá, píosa a scríobh, píosa a léamh agus caithfidh tú, is dóiche, comhluadar a dhéanamh le Gaeil eile. Nó sin ceann de na fadhbanna atá ag daoine a thagann chun na ranganna in amanna – is strainséirí iad. Tagann siad isteach sa seomra ranga, fiche duine, b'fhéidir, agus ansin fágann siad an seomra ranga. Téann siad isteach ar ais i measc na mBéarlóirí, áit nach bhfuil suim ar bith ag aon duine sa teanga agus ansin caitheann siad seacht lá agus tagann siad ar ais arís. Agus ní féidir dul chun cinn a dhéanamh mura dtugann tú an teanga isteach i do shaol laethúil. So caithfidh tú a bheith cairdiúil agus comhluadar a dhéanamh le cainteoirí Gaeilge. Agus ansin, sin an dara rud: í a úsáid gach lá.

An tríú rud, déarfainn fosta, caithfidh tú a bheith cróga. Nó, ar bhealach, caithfidh tú a bheith sásta a dhul amach agus is cuma cén tuairim nó cén drochamharc nó cén... má dhéanann tú botún nó rud ar bith – caithfidh tú dul amach agus Gaeilge a labhairt. Mar, ar bhealach, tá sé níos deacra an nós teanga atá agat a bhriseadh ná mar atá sé teanga a fhoghlaim. Tá go leor daoine ann atá ábalta an teanga a fhoghlaim ach níl siad ábalta an nós teanga atá acu a bhriseadh. Leanann siad ar aghaidh ag caint i mBéarla. Déarfaidh siad, 'Caidé mar atá tú?' 'Cúpla focal agus ansin rachaidh siad ar ais go dtí an Béarla i gcónaí. So caithfidh tú an nós teanga atá agat a bhriseadh agus a bheith sásta an Ghaeilge a labhairt in achan chomhthéacs le haon duine a bhfuil Gaeilge acu. So déarfainn le daoine, bí cróga agus ná héist le tuairim ar bith má shíleann duine... ní thig, nó ná bíodh eagla ort roimh chainteoirí dúchais nó roimh aon dearcadh atá ag aon duine eile. Is leatsa an teanga chomh maith le duine ar bith eile. Is cuma cén cumas atá agat sa teanga.

**1** *Caithfidh tusa a dhul...* De ghnáth, ní bhíonn an 'a' gairid sin le cluinstitín ach amháin nuair a bhíonn cuspóir san abairt. Tá difear, mar sin, idir 'thig liom tiomáint' (gan chuspóir) agus 'thig liom carr a thiomáint' (is é 'carr' an cuspóir). Cuirtear séimhiú ar thúslioir an ainm bhriathartha i ndiaidh an 'a'.

Bíodh sin mar atá, tá dornán ainmneacha briathartha a mbíonn séimhiú orthu i gcónaí i nGaeilge Uladh, fiú nuair nach mbíonn cuspóir acu. Ní i gcónaí a chluintear an 'a' sa ghnáthchaint. 'Bí', 'tar' agus 'téigh' atá i gceist:

Dúirt mé leis [a] dhul 'na bhaile.

An bhfuil tú ag iarraidh [a] theacht linn?

B'fhéarr liom [a] bheith in Éirinn.

- 2 ...*coimhréir na teanga*... Is é ‘comhréir’ an leagan caighdeánach. Tá an seanleagan Ultach ag cloí leis an riail ‘caol le caol, leathan le leathan’, riail nach gcloítear léi go docht níos mó nuair is comhfhocail atá i gceist.
- 3 ...*Gaeilge Amháin*... Grúpa Facebook ina mbíonn plé ar ghnéithe den Ghaeilge. Ní cheadaítear Béarla ann.
- 4 ...*leathanach nuachta*... Tá Seán ag trácht ar Nuacht RTÉ: [www.rte.ie/news/nuacht/](http://www.rte.ie/news/nuacht/)

## Aonad 2 Comhad fuaime 1

### Cainteoir 1

Mholfainnse d’fhoghlaimoirí a bheith ag smaointiú faoi na buanna agus na laigí atá acu féin mar fhoghlaimoirí agus ansin iarracht a dhéanamh aghaidh a thabhairt ar na laigí sin. Mar shampla, nuair a bhí mise ag foghlaim Fraincise... Bhí mo chuid Fraincise maith go leor, go háirid<sup>1</sup> agus mé ag scríobh na teanga, ach bhí mé i dtrioblóid nuair ab éigean domh an teanga a labhairt. Chuaigh sé doiligh orm cainteoirí maithe Fraincise, go háirid cainteoirí dúchais, a thuigbheáil.<sup>2</sup> Thoisigh mé ansin ag éisteacht le ceannlínte na nuaíochta<sup>3</sup> i bhFraincis agus ag scríobh síos an téacs. Thóg sé tamall orm ach chuaigh mé i dtaithe ar an luas cainte agus ar na fuaimeanna de réir a chéile. Bhí sé doiligh go leor, corruair, mar ritheann focla<sup>4</sup> isteach ina chéile agus ansin tá rudaí atá scríofa nach ndeirtear ar chor ar bith.

Mholfainn an cur chuige céanna d’fhoghlaimoirí Gaeilge a mbíonn deacrachtaí acu cainteoirí maithe, nádúrtha a thuigbheáil. Tá an nuaíocht go maith, agus tá cleachtaí agus scrípteanna atá bunaithe ar Nuaíocht TG4 le fáil ar Vifax. Gheobhaidh tú sin ar shuíomh Lárionad na Gaeilge, Ollscoil Mhá Nuad. Sa mhullach air sin, tá réimse leathan d’ábhar físe agus fuaime ar an suíomh TG4 Foghlaim atá millteanach úsáideach le dul i dtaithe ar an chluastuiscint. Mar sin, mo chomhairlese don fhoghlaimoir Gaeilge: smaointigh ar na deacrachtaí atá agat agus déan iarracht díriú ar na deacrachtaí sin. Tiocfaidh feabhas ort diaidh ar ndiaidh.

- 1 ...*go háirid*... Leagan Ultach de ‘go háirithe’.
- 2 ...*a thuigbheáil*... Leagan Ultach de ‘a thuiscint.’ Bíonn an deireadh céanna ar ainmneacha briathartha eile, mar shampla ‘creidbheáil’ (‘creidiúint’).
- 3 ...*ceannlínte na nuaíochta*... ‘Nuaíocht’ a deirtear in áit ‘nuacht’.
- 4 ...*focla*... Leagan Ultach de ‘focail’.

## Cainteoir 2

Níl dabht ar bith ach go mbíonn eagla ar dhaoine roimh ghramadach na Gaeilge. Bíonn eagla orthu go ndéanfaidh siad botúin ach cuimhnigh – is cuid nádúrtha den phróiseas foghlama teanga iad na botúin agus is beag duine nach ndéanann botún anois is arís. Is é an rud is tábhachtaí, dar liomsa, ná a bheith airdeallach maidir leis na deacrachtaí atá agat ó thaobh na gramadaí de. Tá an t-aischothú nó na ceartúcháin a chuireann an múinteoir ar fáil duit iontach tábhachtach. Ba cheart duit nóta a dhéanamh de na botúin sin a dhéanann tú go rialta. B'fhéidir go bhfuil an claonadh agat na haimsirí a mheascadh, dul an Bhéarla a bheith ar do chuid abairtí Gaeilge nó b'fhéidir go bhfuil tú ag streachailt le struchtúir faoi leith sa teanga. Mar sin, bí ar an eolas faoi na deacrachtaí atá agat. Agus is ansin a thig leat a dhul i ngleic leo. Beidh an múinteoir sásta cuidiú leat na fadhbanna atá agat leis an ghramadach a aithne.<sup>1</sup>

Cúpla rud eile a mholfaínn: foghlaim na téarmaí gramadaí. Dhéanfaidh<sup>2</sup> sé sin an saol i bhfad níos fusa duit agus tú ag cuartú<sup>3</sup> eolais sna leabharthaí<sup>4</sup> gramadaí.

Ná bíodh eagla ort frásaí a fhoghlaim de ghlanmheabhair má chuidíonn sin leat struchtúr faoi leith a thabhairt chun cuimhne. Mar shampla, 'obair mhaith', 'i mbun oibre', 'i mbun obair mhaith'.

Bí ag léamh agus bí ag éisteacht agus tabhair aird faoi leith ar na struchtúir sin a thuigeann tú a chruthaíonn deacrachtaí duitse.

Rud eile a déarfainn: níor cheart go dtiocfadh beaguchtach ort má dhéanann tú dearmad ar phointe gramadaí a shíl tú a bhí ar eolas agat. Sin cuid nádúrtha den phróiseas foghlama. Bí ag éisteacht agus bí ag léamh. Ansin bí ag scríobh agus ag cleachtadh na struchtúr. Tíocfaidh sé leat. Cleachtadh a dhéanann an mháistreacht.

- 1 ...fadhbanna a aithne... Is ionann 'aithne' san abairt seo agus an t-ainm briathartha 'aithint'.
- 2 Dhéanfaidh sé... I dTír Chonaill, cluintear séimhiú ar thúsleitir an bhriathair 'déan' san aimsir fháistineach.
- 3 ...ag cuartú eolais... Leagan Ultach den ainm bhriathartha 'cuardach'.
- 4 ...leabharthaí... Sin an fhoirm iolra a úsáidtear i dTír Chonaill.

## Cainteoir 3

Rud a chuideann<sup>1</sup> liomsa agus mé ag foghlaim Gaeilge ná sprioc a bheith agam agus mé ag staidéar. Chítear domhsa<sup>2</sup> go mbím níos dírithe agus mé ag staidéar má tá mé ag iarraidh rud inteacht faoi leith a bhaint amach. Corruair, ní bhíonn ann ach rudaí beaga, mar shampla, ciall a bhaint as alt ar tuairisc.ie nó gan botúin a dhéanamh sa litriú i mo chuid obair bhaile. Anuas air sin, tugaim faoi scrúduithe anois is arís. Tugann siad léargas dom ar caidé mar atá ag éirí liom sna scileanna difriúla agus ansin bíonn a fhios agam go díreach caidé ba cheart dom díriú air.

- 1 Rud a chuideann... Is ionann seo agus 'rud a chuidíonn'. Is minic a ghiorraítear briathra den dara réimniú ar an dóigh sin.
- 2 Chítear domhsa... Fuaimnítear an briathar amhail is gur 'títhear' a bheadh ann.

## Aonad 2 Mír físe 2

### Antain Mac Lochlainn

Is cuimhin liom, an t-am sin, gur shíl mé go raibh sé ar an ghné den fhoghlaim ba mhó a chuireadh beaguchtach orm, mar chonacthas dom, agus chonacthas do léar<sup>1</sup> daoine a bhí sa rang liom san ollscoil, go rabhtas ag iarraidh orainn ár mblas cainte féin a chaitheamh uainn agus, b'fhéidir, a bheith ag aithris ar mhuintir<sup>2</sup> Thír Chonaill. Agus bhí muid go mór in amhras faoi sin.

Mar is rud iontach pearsanta do bhlas cainte féin, agus má tá daoine ag rá leat nach bhfuil tú ag caint mar is ceart, goilleann sin ort rud beag agus bíonn tú cosantach faoi. Agus, is dóiche,<sup>3</sup> shíl muid chomh maith, 'Rugadh in Éirinn muid, agus nach bhfuil ár gcuid cainte féin chomh maith le caint duine ar bith eile sa tír?' So, bhí sin ag dul ar aghaidh fosta. Agus bíonn daoine iontach teann faoi na rudaí sin. *You know*, cúrsaí féiniúlachta agus mar sin de.<sup>4</sup>

Déarfainn anois nár thuig mé an scéal mar is ceart, mar ní hionann blas cainte agus córas fuaimeanna i dteangaidh<sup>5</sup> ar bith. Má labhraim Béarla<sup>6</sup> agus má labhraim Gaeilge, is cuma i ndáiríre, is í... ní athraíonn mo bhlas cainte, mórán. Dá mbeinn seal ag caint i mBéarla, seal ag caint i nGaeilge, níl duine ar bith ann a déarfadh, *Oh my God, is that really the same speaker?* An tuin chainte céanna a bíos ann i gcónaí,<sup>7</sup> agus an blas cainte céanna.

Agus tá léiriú iontach soiléir air sin le fáil sna taifeadtaí sin<sup>8</sup> a rinneadh ar chainteoirí dúchais Gaeilge i bhfad siar, sna fichidí agus roimhe sin. Cainteoirí as Tír Eoghain, as deisceart Dhoire, as Glinnte Aontroma,<sup>9</sup> Ard Mhacha. Bhí blas láidir réigiúnach dá gcuid féin ar chaint gach duine de na cainteoirí sin ach, an rud is tábhachtaí ar fad, bhí *fuaimeanna na Gaeilge* acu. Agus sin an rud atá tábhachtach san obair seo.

Is dócha, na rudaí is tábhachtaí ar fad, na fuaimeanna sin atá sa Ghaeilge agus nach bhfuil sa Bhéarla ar chor ar bith. Agus ní thig leat a bheith ag brath ar d'eolas ar an Bhéarla le go mbeidh na fuaimeanna seo agat mar, níl siad sa Bhéarla ar chor ar bith. Focal beag chomh bunúsach agus chomh simplí le 'teach', mar shampla. Tá *t caol* i dtús an fhocail sin – *te*, so *t caol* atá ann [fuaimníonn sé *t caol* cúpla uair]. Agus níl an fhuaim sin sa Bhéarla, ach an chontúirt atá ann, bíonn foghlaimeoirí ag éisteacht le rudaí mar seo agus deir siad, 'Ceart go leor. Tá sin iontach cosúil le *sh*, mar atá in *church* agus *chapel* agus focla mar sin.'<sup>10</sup> Agus úsáideann siad an rud is deise sa Bhéarla, an rud is deise don fhuaim Ghaeilge.

I ndeireadh an fhocail sin 'teach' tá *ch*. Agus bíonn sé sin deacair ag foghlaimeoirí fosta agus, is minic a chuireann siad *k* ina áit, mar atá in *black* agus *back* agus focla mar sin. Ach má dhéanann tú sin, ní 'teach' a bheas agat,<sup>11</sup> ach *chack*. Agus sin an fáth a ndeir daoine rudaí cosúil le 'Tá *chack* ar dóigh aige sin' agus rudaí mar sin.

Agus, dar liom, má tá muid leis an Ghaeilge a fhoghlaim, tá sé chomh maith againn í a labhairt mar is ceart. Agus tá sé chomh furast<sup>12</sup> céanna 'teach' a rá agus atá sé *chack* a rá, má chuireann tú chuige mar is ceart.

- 1 ...*léar daoine*... Is é 'lear' an litriú caighdeánach; 'léar' an leagan Ultach.
- 2 ...*ar mhuintir Thír Chonaill*... Ní chluintear an *n* san fhocal 'muintir'. *Muintir* a deirtear i dTír Chonaill.
- 3 ...*is dócha*... I gCúige Uladh, deirtear 'is dóiche'.
- 4 ...*mar sin de*... Is minic a bhíonn na réamhfhocail 'de' agus 'do' trína chéile i nGaeilge Uladh. Is mar gheall air sin a deir Antain 'mar sin dó'.
- 5 ...*i dteangaidh ar bith*... Is é 'teanga' an litriú caighdeánach; 'teangaidh' an leagan Ultach den fhocal sa tuiséal ainmneach.
- 6 *Má labhraim Béarla*... De réir an Chaighdeáin Oifigiúil, is briathar den dara réimniú é 'labhair': *labhraím, labhraíonn tú* srl. Ní mar sin atá i nGaeilge Uladh: *An labhrann tú Gaeilge?*
- 7 *An tuin chainte chéanna a bíos ann i gcónaí*... De réir an Chaighdeáin, is 'a bhíonn' a bheadh ann, ach tá roinnt foirmeacha coibhneasta i nGaeilge Uladh: (1) a bhíos, (2) a bíos agus (3) a bhíonns.
- 8 ...*sna taifeadtaí sin*... Is é a deir Antain, 'insna taifeadtaí sin'. Maireann an fhoirm seo go láidir i nGaeilge Uladh. Féach fosta 'níl siad (in)sa Bhéarla ar chor ar bith'.
- 9 *Glinnte Aontroma*... 'Glinntí' a deirtear de ghnáth.
- 10 ...*agus focla mar sin*. Is é 'focail' an uimhir iolra chaighdeánach; 'focla' a deirtear i gCúige Uladh.
- 11 ...*ní 'teach' a bheas agat*... Cluintear 'a bheas' go minic in áit 'a bheidh'. Is foirm choibhneasta atá ann.
- 12 ...*furast*'... Is é 'furasta' an litriú caighdeánach, ach is gnách an *a* deireanach a fhágáil ar lár.